AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.2.2023
COM(2023) 101 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe

CLÁR ÁBHAR

1 RÉAMHRÁ 1

2 CUR CHUN FEIDHME AN RIALACHÁIN MAIDIR LE CEM AGUS RANNCHUIDIÚ LE SPRIOCANNA CBI A BHAINT AMACH 3

2.1 Eagraíochtaí gairmiúla 3

2.1.1 Rannchuidiú le cuspóirí CBI a bhaint amach 3

2.1.2 Rialacha maidir le heagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, eagraíochtaí idirchraoibhe agus eagraíochtaí gairmiúla trasnáisiúnta a chur ar bun, cuspóirí agus bearta 5

2.1.3 Eagraíochtaí táirgeoirí/eagraíochtaí idirchraoibhe/eagraíochtaí gairmiúla trasnáisiúnta a aithint 7

2.1.4 Rialacha a leathnú 10

2.1.5 Pleananna táirgthe agus margaíochta 11

2.1.6 Na margaí a chobhsú 12

2.2 Caighdeáin mhargaíochta 13

Rannchuidiú le cuspóirí CBI a bhaint amach, agus caighdeáin mhargaíochta a shocrú agus a chomhlíonadh 13

2.3 Faisnéis do thomhaltóirí 14

2.3.1 Rannchuidiú le cuspóirí CBI a bhaint amach 14

2.3.2 Faisnéis éigeantach 15

2.3.3 Tuairisciú ar éicilipéadú 17

2.3.4 Faisnéis bhreise dheonach 18

2.4 Rialacha iomaíochta 18

Rannchuidiú le cuspóirí CBI a bhaint amach agus eisiaimh ó rialacha iomaíochta 18

2.5 Faisnéis mhargaidh 19

3 CONCLÚIDÍ 20

IARSCRÍBHINNÍ 23

Iarscríbhinn 1 – Bunúis dlí 23

Iarscríbhinn 2 – Comhairliúchán poiblí 25

1 RÉAMHRÁ

Is ann do chomheagrú na margaí (CEM) i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe (FAPanna) ó 1970 i leith. Is é an colún is sine den chomhbheartas iascaigh (CBI) é, agus tá sé ina dhlúthchuid de in éineacht le bearta caomhnaithe agus airgeadais.

Tá CEM faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe[1] (an 'Rialachán maidir le CEM') agus Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh[2] ('an Rialachán maidir le CBI'), go háirithe Airteagal 35 de.

Rinneadh athchóiriú ar CEM in éineacht le CBI in 2013 agus féachann sé le cuspóirí CBI a bhaint amach. Bhain sraith athruithe bunúsacha do na Ballstáit agus d'earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe leis an athchóiriú, go háirithe ról na n-eagraíochtaí táirgeoirí a neartú trí oibreoirí a chumhachtú agus trí loighic nua idirghabhála, rud a chuir deireadh le sásraí idirghabhála roimhe sin faoinar thacaigh airgead poiblí le táirgí iascaigh lena gcaitheamh ag an duine a tharraingt siar go buan nó iad a dhíothú.

Tá cúig réimse gníomhaíochta ag baint le CEM:

- eagraíochtaí gairmiúla: eagraíochtaí táirgeoirí, a gcomhlachais agus eagraíochtaí idirchraoibhe;
- comhchaighdeáin mhargaíochta: leagtar síos leo saintréithe aonfhoirmeacha le haghaidh táirgí iascaigh a dhíoltar san Aontas, is cuma cén áit tionscnaimh atá acu, agus cuidíonn siad le margadh inmheánach trédhearcach a sholáthraíonn táirgí ardcháilíochta a áirithiú;
- faisnéis do thomhaltóirí: faisnéis shainordaitheach lena bhforlíontar lipéadú ginearálta bia faoi réir Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir le faisnéis faoi bhia a sholáthar do thomhaltóirí[3] agus faisnéis dheonach a chumadh, chun tomhaltóirí a spreagadh i dtreo nósanna tomhaltais inbhuanaithe;
- rialacha iomaíochta: ceadaítear eisiaimh óna gcur i bhfeidhm faoi choinníollacha áirithe; agus

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus táirgí dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1184/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir leis an soláthar faisnéise bia do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18).

- faisnéis mhargaidh: faisnéis eacnamaíoch faoi mhargaí FAP a bhailiú, a phróiseáil agus a scaipeadh chun tacú le straitéisí agus ceapadh beartas na bpáirtithe leasmhara.

Tacaíonn an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh[4] (CEMI) agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe[5] (CEMID) le cur chun feidhme bheartas margaidh an Aontais le haghaidh FAPanna.

Leasaíodh an Rialachán maidir le CEM trí huaire[6]:

- ar an gcéad dul síos in 2013 chun táirgí a thairgtear lena miondíol leis an tomhaltóir deiridh in Mayotte a dhíolmhú go sealadach ó oibleagáidí lipéadaithe áirithe, toisc gur réigiún forimeallach Mayotte ó 2014 ar aghaidh[7];

- ar an dara dul síos in 2015 chun íosmhéideanna tagartha caomhnaithe a ailíniú le híosmhéideanna margaíochta[8]; agus

- le déanaí[9] in 2020 chun bearta géarchéime a ionchorprú chun freagairt ar shuaitheadh sa mhargadh a d'eascair as géarchéim COVID-19; bhí na cuspóirí céanna ag na bearta sin nuair a thosaigh cogadh ionsaithe na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar chur chun feidhme agus ar thorthaí an Rialacháin maidir le CEM, i gcomhréir le hAirteagal 48 den Rialachán sin. Leanann an tuarascáil struchtúr an Rialacháin maidir le CEM. I gcás gach roinne, cumhdaítear an méid seo a leanas:

- athbhreithniú ar chur chun feidhme fhorálacha CEM agus ar a mhéid a rannchuidíonn siad le cuspóirí CBI a bhaint amach;

- na príomhéachtaí, go háirithe iad siúd a d'eascair as an athchóiriú;

---

4 Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2328/2003, (CE) Uimh. 861/2006, (CE) Uimh. 1198/2006 agus (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

5 Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 (IO L 247, 13.7.2021, lch. 1).

6 Féach Iarscríbhinn 1.

7 Rialachán (AE) Uimh. 1385/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 850/98 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus Rialacháin (CE) Uimh. 1069/2009, (AE) Uimh. 1379/2013 agus (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tar éis leasú a dhéanamh ar stádas Mayotte i leith an Aontais Eorpaigh (IO L 354, 28.12.2013, lch. 86).

8 Rialachán (AE) 2015/812 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2187/2005, (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 2347/2002 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1379/2013 agus (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1434/98 ón gComhairle (IO L 133, 29.5.2015, lch. 1).

9 Rialachán (AE) 2020/560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2020 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 508/2014 agus (AE) Uimh. 1379/2013 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun tionchar ráig COVID-19 a mhaolú in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe (IO L 130, 24.4.2020, lch. 11).

- dúshláin agus easnaimh i gcur chun feidhme an Rialacháin; agus
- réimsí feabhsuithe faoin gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair, nó lasmuigh de, inar féidir le hionstraimí eile (níos déanaí) aghaidh a thabhairt ar chuspóirí CEM amhail an Comhaontú Glas don Eoraip nó an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' ar bhealach níos éifeachtaí nó níos comhlántaí.


2 CUR CHUN FEIDHME AN RIALACHÁIN MAIDIR LE CEM AGUS RANNCHUIDIÚ LE SPRIOCANNA CBI A BHAINT AMACH

2.1 Eagraíochtaí gairmiúla[10]

2.1.1 Rannchuidiú le cuspóirí CBI a bhaint amach

Mar thoradh ar a n-aitheantas foirmiúil, tá oibleagáidí ar eagraíochtaí táirgeoirí maidir le cuspóirí CBI a chur chun feidhme. Is é atoradh na n-oibleagáidí sin rochtain phribhléidithe ar thacaíocht airgeadais agus an cumas tairbhe a bhaint as an eisiamh ó rialacha iomaíochta faoi choinníollacha an Rialacháin maidir le CEM. Ní bhaineann sé sin leis na cineálacha éagsúla eile comhchomhlachtaí táirgeoirí[11] san Aontas, ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal trasnáisiúnta.

Fíor 1 – An líon eagraíochtaí táirgeoirí in aghaidh an Bhallstáit



Dá bhrí sin, is iad eagraíochtaí táirgeoirí cnámh droma an iascaigh agus, go pointe níos lú (cé go bhfuil méadú ag teacht ar an méid sin), cnámh droma earnáil an dobharshaothraithe. Tacaíonn eagraíochtaí táirgeoirí le CBI a bhainistiú ó lá go lá agus cumasaíonn siad cur chun feidhme comhchoiteann CBI ar leibhéal an táirgeora. Baintear é sin amach trí cheangal a chur ar gach eagraíocht táirgeoirí pleananna táirgthe agus margaíochta a tharraingt suas agus a chur i bhfeidhm. Go sonrach, foráiltear leis an Rialachán maidir le CEM go bhfuil sé d'aidhm ag

[10] I mí na Samhna 2022, bhí 204 eagraíocht táirgeoirí (163 san iascach agus 41 sa dobharshaothrú) in 18 mBallstát, naoi gcomhlachas eagraíochtaí táirgeoirí (san iascach) i seacht mBallstát agus seacht n-eagraíocht idirchraoibhe i sé Bhallstát.

[11] E.g. *prudhommies* (an Fhrainc), *cofradías* (an Spáinn).

na pleananna sin cuidiú leis na cuspóirí a shanntar do CEM le hAirteagal 35 den Rialachán maidir le CBI a bhaint amach, agus leis na cuspóirí uile a shanntar d'eagraíochtaí táirgeoirí leis an Rialachán maidir le CEM (Airteagal 7 den Rialachán maidir le CEM) a bhaint amach. Ar an bhforas sin, tá sé de chumhacht ag eagraíochtaí táirgeoirí gníomhaíochtaí a gcomhaltaí a bhainistiú i dteannta a chéile faoin gcoinníoll docht go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí caomhnaithe. Cuireann siad leis an tslándáil bia trí infhaighteacht agus inbhuanaitheacht raon leathan bia mara a áirithiú. Tríd an méid sin a dhéanamh, cuireann eagraíochtaí táirgeoirí misean seirbhíse poiblí i gcrích agus cuireann siad barr feabhais ar dheiseanna margaidh a gcomhaltaí.

Leis an bpríomhról sin atá ag eagraíochtaí táirgeoirí chun cuidiú le cuspóirí CBI a bhaint amach, cuireadh brú ar an gCoimisiún Eorpach oibriú chun bunú, comhdhlúthú agus maoiniú eagraíochtaí táirgeoirí a chur chun cinn ar fud an Aontais, go háirithe sna Ballstáit ina raibh an táirgeadh príomhúil fós scaipthe den chuid is mó (dobharshaothrú, iascach ar mionscála). Is toisc chinntitheach í láithreacht láidir eagraíochtaí táirgeoirí maidir le marthanas agus rathúnas na bpobal cósta agus maidir le tábhacht na bpríomhtháirgeoirí a neartú i ndáil leis an tionscal próiseála nó miondíoltóirí. Ba chúram ríthábhachtach i ndáil leis sin cláir náisiúnta CEMI(D) a tharraingt suas.

2.1.2 Rialacha maidir le heagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, eagraíochtaí idirchraoibhe agus eagraíochtaí gairmiúla trasnáisiúnta a chur ar bun, cuspóirí agus bearta

Thuairiscigh[12] páirtithe leasmhara an Aontais go bhfuil na huirlisí a chuirtear ar fáil d'eagraíochtaí táirgeoirí faoin Rialachán maidir le CEM, agus go sonrach na pleananna táirgthe agus margaíochta, dea-oiriúnaithe chun cabhrú leo a gcuspóirí a shaothrú, go háirithe chun struchtúrú soláthairtí éisc a eagrú ar bhealach níos fearr, chun ioncam iascairí agus feirmeoirí a fheabhsú agus chun CBI a chur chun feidhme ar an láthair. Mar sin féin, leag táirgeoirí béim ar easpa comhsheasmhachta i leibhéal na tacaíochta, go háirithe tacaíocht airgeadais, i measc na n-údarás náisiúnta. Leis sin, cruthaítear bearnaí suntasacha i bhforbairt agus feidhmiú na n-eagraíochtaí táirgeoirí ar fud na mBallstát, agus cruthaítear dúshláin maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú.

Chun na míchothromaíochtaí sin a laghdú, rinne an Coimisiún iarrachtaí leanúnacha faisnéise agus múscailte feasachta chun iad siúd go léir a raibh baint acu le cur chun feidhme na huirlise nuálaí seo (i.e. na pleananna táirgthe agus margaíochta) a thionlacan. Cuireadh tús leis na hiarrachtaí sin le measúnú mionsonraithe ar chláir náisiúnta CEMI agus le moltaí maidir leo. Ina dhiaidh sin, bhí an Coimisiún ar fáil go buan chun coincheapa a shoiléiriú, chun deireadh a chur le héiginnteachtaí agus chun comhroinnt dea-chleachtas a éascú. Mar sin féin, ní mór a aithint go bhfuil an próiseas ullmhúcháin, cur chun feidhme agus faireacháin ar siúl idir na húdaráis náisiúnta agus a gcuid eagraíochtaí táirgeoirí, toisc go bhfuil siadsan chun cinneadh a dhéanamh maidir le hábhar agus leibhéal na tacaíochta d'ullmhú agus do chur chun feidhme na bpleananna táirgthe agus margaíochta, arb iadsan atá sa staid is fearr chun déanamh amhlaidh. Ar ndóigh, is é an toradh a bhíonn air sin leibhéal áirithe míchothromaíochta ar fud na dtíortha.

I gcás roinnt catagóirí táirgeoirí (go háirithe feirmeoirí agus iascairí cósta ar mionscála), is dúshlán fós é feidhmiú na n-eagraíochtaí táirgeoirí. Aithníonn táirgeoirí dobharshaothraithe gur chuidigh an t-athbhreithniú ar an Rialachán maidir le CEM le creat dlíthiúil níos iomchuí a chur ar fáil d'eagraíochtaí táirgeoirí dobharshaothraithe. D'éirigh go han-mhaith le bearta cur chun cinn agus cumarsáide faoi stiúir eagraíochtaí táirgeoirí dobharshaothraithe. Mar sin féin, níl ach líon teoranta eagraíochtaí táirgeoirí dobharshaothraithe san Aontas go fóill agus níl ag éirí go hiomlán leo an soláthar a ghrúpáil, rud a d'fhéadfadh cabhrú leo aghaidh a thabhairt ar chomhchruinniú struchtúrach ard an mhiondíola. Tá cur chun cinn na dtairbhí a bhaineann le heagraíochtaí táirgeoirí a bhunú i measc táirgeoirí dobharshaothraithe ar cheann de na gníomhaíochtaí faoi threoirlínte straitéiseacha an Aontais le haghaidh dobharshaothrú

[12] Comhairle Chomhairleach um Margaí maidir le feidhmiú CEM, Márta 2022.

níos inbhuanaithe agus níos iomaíche san Aontas le haghaidh 2021-2030[13], a foilsíodh in 2021.

Iarradh le tuarascálacha ó Pharlaimint na hEorpa freisin go ndéanfaí na hearnálacha iascaireachta ar mionscála[14] agus dobharshaothraithe[15] a struchtúrú ar bhealach níos fearr, agus go bhforbrófaí eagraíochtaí idirchraoibhe.

Tuairiscíonn táirgeoirí iascaigh chósta ar mionscála nach bhfaigheann siad i gcónaí tacaíocht riaracháin agus/nó airgeadais iomchuí chun eagraíochtaí táirgeoirí a bhunú agus a oibriú. Tuairiscíonn siad freisin nach gcuireann na Ballstáit san áireamh go leordhóthanach a sonraíochtaí lena leagtar síos critéir maidir le haitheantas (e.g. gníomhaíocht eacnamaíoch leordhóthanach sa limistéar[16]). Laistigh de theorainneacha a róil sa phróiseas sin, oibríonn an Coimisiún go príomha chun idirphlé agus tuiscint a éascú i measc na bpáirtithe, go háirithe chun coincheapa agus gnéithe rialála a shoiléiriú. Is cosúil go bhfuil an cur chuige seo éifeachtach agus cabhraíonn sé le próiseas aitheantais na n-eagraíochtaí táirgeoirí de chuid iascairí cósta ar mionscála a éascú[17]. Srian breise is ea go lagaíonn corrlaigh bhrabúis níos ísle agus acmhainní teoranta riaracháin na n-iascairí cósta ar mionscála inmharthanacht airgeadais a gcuid eagraíochtaí táirgeoirí agus a gcumas déileáil le ceanglais dlí agus riaracháin a bhaineann le heagraíocht táirgeoirí a bhunú nó a reáchtáil. Ní réiteach é an deis a bheith ag táirgeoirí iascaigh ar mhionscála dul isteach in eagraíocht táirgeoirí atá ann cheana, rud a fhágann go bhfuil eagraíocht táirgeoirí mheasctha ann (a chuimsíonn iascairí ar mionscála agus iascairí meánmhéide nó móra), ach an oiread toisc nach dtugann sé aghaidh i gcónaí ar riachtanais shonracha na dtáirgeoirí iascaigh chósta ar mhionscála.

Tá taithí theoranta ann maidir le heagraíochtaí idirchraoibhe, a thugann ionadaithe le chéile ó feadh an tslabhra soláthair (táirgeadh, próiseáil agus miondíol), toisc gur ar éigean is ann dóibh san earnáil. Go háirithe le linn ghéarchéim COVID-19, léiríodh gur ionstraim luachmhar iad eagraíochtaí idirchraoibhe dea-fheidhmiúla chun feidhmiú cuí an tslabhra luacha a neartú agus chun an tionchar ar na céimeanna éagsúla a mhaolú i dteannta a chéile.

Measann an earnáil agus na húdaráis náisiúnta araon go bhfuil an fhéidearthacht chun eagraíochtaí gairmiúla trasnáisiúnta a aithint ábhartha. Mar sin féin, níor aithníodh ach ceithre eagraíocht táirgeoirí go foirmiúil mar eagraíochtaí trasnáisiúnta. Le treoirthionscadal[18] a rinneadh in 2020, léiríodh go gcruthaíonn easpa forálacha sonracha dlí, go praiticiúil, roinnt deacrachtaí maidir le haitheantas agus feidhmiú na n-eagraíochtaí sin araon. Is saincheist

---

13 SWD(2021) 102 final an 12 Bealtaine 2021, doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, *Strategic guidelines for a more sustainable and competitive EU aquaculture for the period 2021 to 2030* [Treoirlínte straitéiseacha le haghaidh dobharshaothrú níos inbhuanaithe agus níos iomaíche san Aontas don tréimhse 2021 go 2030].

14 *Report on the optimisation of the value chain in the EU fishing sector* [Tuarascáil ar optamú an tslabhra luacha in earnáil iascaireachta an Aontais Eorpaigh] (2017/2119(INI)) (rapóirtéir:Clara Eugenia Aguilera García, S&D/An Spáinn).

15 Tuarascáil *I dtreo earnáil dobharshaothraithe Eorpach atá inbhuanaithe agus iomaíoch:stádas reatha agus dúshláin amach anseo* (2017/2118(INI)) (rapóirtéir:Carlos Iturgaiz, PPE/an Spáinn).

16 Airteagal 14(1)(b) den Rialachán maidir le CEM.

17 Mar shampla, aitheantas na heagraíochta táirgeoirí Eagraíocht Acmhainní Muirí Oileáin na hÉireann (Éire) in 2021 agus aitheantas na heagraíochta táirgeoirí Organisation de producteurs du Levant (an Fhrainc) in 2019.

18 Ardán an Aontais d'eagraíochtaí táirgeoirí iascaigh agus dobharshaothraithe.

thábhachtach é cistiú na n-eagraíochtaí trasnáisiúnta sin ós rud é nach bhfuil aon sásra foirmiúil ann chun tacaíocht airgeadais ó eagraíocht thrasnáisiúnta a roinnt nó a eagrú idir dhá Bhallstát nó níos mó. Thug an Coimisiún treoir do na Ballstáit[19] na féidearthachtaí atá ann cheana a shoiléiriú agus comhar a eagrú chun na heagraíochtaí sin a chistiú.

2.1.3 Eagraíochtaí táirgeoirí/eagraíochtaí idirchraoibhe/eagraíochtaí gairmiúla trasnáisiúnta a aithint

Tar éis theacht i bhfeidhm CEM athchóirithe, thug an Coimisiún treoir[20] maidir leis an nós imeachta aitheantais chun cabhrú leis na Ballstáit agus leis an earnáil araon sa phróiseas sin. An tráth céanna, agus chun comhlíonadh rialacha CEM a áirithiú, d'iarr an Coimisiún ar gach Ballstát seiceálacha a dhéanamh ar a n-eagraíochtaí aitheanta, agus rinne sé iarracht minicíocht na seiceálacha sin a chomhchuibhiú ar fud na mBallstát.

[19] Litir chuig an Sainghrúpa um Margaí agus Trádáil i dTáirgí Iascaigh agus Dobharshaothraithe maidir le heagraíochtaí trasnáisiúnta, Eanáir 2021.

[20] SWD(2016) 113 final an 1 Aibreán 2016, doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, *Treoirdhoiciméad maidir le cur chun feidhme Chaibidil II 'Eagraíochtaí Gairmiúla' de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe*.

a. Seiceálacha cothrománacha ar chomhlíonadh agus na saincheisteanna a sainaithníodh

Le hAirteagal 18 den Rialachán maidir le CEM ceanglaítear ar na Ballstáit a fhíorú go tráthrialta go gcomhlíonann eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe na rialacha maidir lena n-aitheantas. Le hAirteagal 20 den Rialachán maidir le CEM, ceadaítear don Choimisiún seiceálacha a dhéanamh. Dá réir sin, in 2016, d'fhiafraigh an Coimisiún de na Ballstáit uile lena mbaineann an ndearnadh seiceálacha chun a fháil amach an bhfuil rialacha CEM á gcomhlíonadh ag eagraíochtaí táirgeoirí agus ag eagraíochtaí idirchraoibhe, agus cén toradh a bhí ar na seiceálacha sin. An tráth céanna nó mar thoradh ar na seiceálacha sin, chuir an Coimisiún tús le trí nós imeachta phíolótacha de chuid an Aontais agus le nós imeachta um shárú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a sainaithníodh maidir le neamhchomhlíonadh. I gcás amháin, rinne an Coimisiún féin seiceálacha ar an láthair ar aitheantas na n-eagraíochtaí táirgeoirí.

I gcásanna áirithe, mar thoradh ar an meascán de sheiceálacha a rinne an Coimisiún agus na seiceálacha a rinne na Ballstáit, tarraingíodh siar aitheantas eagraíochta táirgeoirí, mar shampla ós rud é gur tharla sé nach raibh eagraíochtaí táirgeoirí áirithe gníomhach go leordhóthanach ó thaobh na heacnamaíochta de, mar a cheanglaítear sa Rialachán maidir le CEM. Bhí cásanna ann freisin inar chuir údaráis náisiúnta de cheangal ar eagraíochtaí táirgeoirí áirithe a reachtanna, a rialacha nó a struchtúr úinéireachta a athrú chun an Rialachán maidir le CEM a chomhlíonadh. Ina theannta sin, d'fhoilsigh roinnt Ballstát treoir náisiúnta, go háirithe maidir le critéir le haghaidh aitheantas eagraíochtaí táirgeoirí nó maidir le faireachán a dhéanamh ar eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta.

Leagtar amach thíos na príomh-shaincheisteanna a sainaithníodh mar easnaimh i seiceálacha náisiúnta ar eagraíochtaí táirgeoirí.

- Comhlíonadh an choinníll maidir le hiolracht na gcomhaltaí: níor fhíoraigh roinnt Ballstát go mion struchtúr úinéireachta na n-eagraíochtaí táirgeoirí agus go háirithe úinéirí deiridh a gcomhaltaí. Mheas roinnt Ballstát nach gá a sheiceáil an fíor-iolracht í an iolracht sin agus gur leor iolracht fhoirmiúil chomhaltaí na n-eagraíochtaí táirgeoirí. Mar sin féin, i gcás nach bhfuil ach duine nádúrtha nó dlítheanach amháin ina úinéir iomlán ar na cuideachtaí agus na soithí a oibríonn san eagraíocht táirgeoirí, cuirtear feidhmiú chóras CEM i mbaol agus ní féidir ceanglais Airteagal 14(1) a léitear in éineacht le hAirteagal 17 den Rialachán maidir le CEM a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis náisiúnta seiceálacha a dhéanamh ní amháin chun céannacht na ndaoine éagsúla dlítheanacha nó nádúrtha ar comhaltaí eagraíochta táirgeoirí iad a fhíorú, ach freisin chun céannacht úinéirí deiridh na ndaoine sin nó céannacht na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha a bhfuil scaireanna chomhaltaí na heagraíochta táirgeoirí ina seilbh acu a fhíorú.

- Easpa fianaise iomchuí maidir le feidhmiú daonlathach eagraíochtaí táirgeoirí a fhíorú mar a cheanglaítear le hAirteagal 17(d) den Rialachán maidir le CEM. Ní mór do na húdaráis inniúla náisiúnta a fhíorú an gcuireann an struchtúr rialachais atá i bhfeidhm ar chumas na gcomhaltaí grinnscrúdú a dhéanamh ar eagrúchán agus ar chinntí eagraíochtaí táirgeoirí.

- Seiceálacha neamhleora ar rialacha maidir le comhaltaí nua a ligean isteach nó comhaltas a tharraingt siar mar a cheanglaítear le hAirteagal 17(f) den Rialachán maidir le CEM.

- Gan critéir atá cothrom le dáta a bheith ann chun measúnú a dhéanamh ar an bhfuil eagraíocht gníomhach go leordhóthanach ó thaobh na heacnamaíochta de i limistéar ar leith (ceanglais Airteagal 14(1)(b) den Rialachán maidir le CEM).

- I roinnt Ballstát, níor leor minicíocht na seiceálacha a bhí beartaithe.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún a sheiceálacha a dhéanamh an athuair chun a fhíorú go bhfuil na Ballstáit ag comhlíonadh a n-oibleagáidí chun seiceálacha a dhéanamh ar a gcuid eagraíochtaí táirgeoirí.

b. Deacrachtaí maidir le heagraíochtaí gairmiúla trasnáisiúnta a aithint go foirmiúil

A mhéid a bhaineann le cás sonrach na n-eagraíochtaí gairmiúla trasnáisiúnta – go háirithe eagraíochtaí táirgeoirí – leagadh béim sa treoirthionscadal a rinneadh in 2020 ar shraith dúshlán agus easnamh lena gcruthaítear éiginnteachtaí maidir leis an méid seo a leanas:

- an sainmhíniú ar 'trasnáisiúnta', nach bhforáiltear dó sa Rialachán maidir le CEM; agus
- an chaoi ar gá ceanglais áirithe maidir le haitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí a chur i bhfeidhm ar eagraíochtaí trasnáisiúnta (e.g. critéir maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch leordhóthanach).

Thug an Coimisiún soiléiriú do na Ballstáit agus mhínigh sé go bhféadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh i dtaobh rialacha nó sainmhínithe sonracha agus socruithe praiticiúla a ghlacadh le haghaidh eagraíochtaí trasnáisiúnta mura mbeidh siad sin ag teacht salach ar an Rialachán maidir le CEM nó ar reachtaíocht an Aontais i gcoitinne.

2.1.4 Rialacha a leathnú

Foráiltear le Roinn III den Rialachán maidir le CEM go bhféadfaí rialacha áirithe de chuid eagraíochta táirgeoirí a leathnú chun táirgeoirí a oibríonn i réimse gníomhaíochta na heagraíochta táirgeoirí ábhartha nach comhaltaí den eagraíocht táirgeoirí sin iad a chumhdach. Is annamh a úsáideadh é sin ó 2013 i leith: níor údaraigh an Coimisiún ach dhá leathnú ar rialacha. Is cosúil gurb í an phríomhchonstaic tréimhse chur i bhfeidhm an leathnaithe, ó 60 lá go 12 mhí, nach bhfuil in oiriúint go maith do luaineacht an mhargaidh. Bheadh uirlis níos solúbtha lena bhféadfaí an riail a leathnú ar feadh tréimhse níos giorra ama níos éifeachtaí. Mar sin féin, an gá sin le níos mó solúbthachta, tá sé ar neamhréir leis na srianta ama toisc nach mór do na riaracháin náisiúnta agus don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar iarrataí i gcoinne na gceanglas a fhorchuirtear leis an Rialachán maidir le CEM. Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh leathnú na rialacha a bheith ina uirlis chumhachtach a thiocfadh chun tairbhe na hearnála táirgthe ina iomláine, tá a húsáid teoranta mar gheall ar a chastacht intreach.

Chun go mbeidh sé níos éasca leathnú na rialacha a chur chun feidhme, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte[21]. Amach anseo, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach treoir níos mionsonraithe a chur ar fáil maidir le roinnt gnéithe sonracha den nós imeachta, go háirithe na critéir chun ionadaíochas na n-eagraíochtaí táirgeoirí i limistéar geografach ar leith a léiriú. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar an teorainn ama 1 mhí chun éileamh ar leathnú rialacha a údarú nó a dhiúltú, chuir an Coimisiún ar chumas an Choimisinéara um Ghnóthaí Muirí agus Iascach freisin cinntí a ghlacadh lena n-údaraítear nó lena ndiúltaítear leathnú rialacha thar ceann an Choimisiúin.

[21] SWD(2016) 113 final an 1 Aibreán 2016, doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin, *Treoirdhoiciméad maidir le cur chun feidhme Chaibidil II 'Eagraíochtaí Gairmiúla' de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe*.

2.1.5 Pleananna táirgthe agus margaíochta

Le teacht i bhfeidhm an Rialacháin athbhreithnithe maidir le CEM, tháinig athrú ar an gcomhthéacs ina n-oibríonn eagraíochtaí táirgeoirí: cuireadh deireadh le sásraí idirghabhála (seachas cúnamh stórála, féach thíos), agus aistríodh an tacaíocht chuig ionstraim faoi thionchar an mhargaidh, na pleananna táirgthe agus margaíochta.

Tá gá le pleananna táirgthe agus margaíochta do gach eagraíocht táirgeoirí. Is uirlisí bunriachtanacha de chuid CEM athbhreithnithe iad chun tacaíocht a chothú d'iascairí agus d'fheirmeoirí éisc chun comhbhainistiú inbhuanaithe a ngníomhaíochtaí a chur chun feidhme, agus chun a dtáirgeadh a threorú ar bhealach níos éifeachtúla, chun riachtanais an mhargaidh a chomhlíonadh (maidir le cainníocht agus cáilíocht) agus chun leas a bhaint as deiseanna margaidh. Agus a gcuid pleananna táirgthe agus margaíochta á gcur chun feidhme acu, féadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí raon leathan beart a úsáid chun cuspóirí CEM agus CBI a bhaint amach, lena n-áirítear bainistiú deiseanna iascaireachta (cuótaí).

Aithníonn eagraíochtaí táirgeoirí agus na Ballstáit i gcoitinne gur uirlisí nuálacha, éifeachtacha agus solúbtha iad pleananna táirgthe agus margaíochta. Sna chéad chúpla bliain de chur chun feidhme tar éis theacht i bhfeidhm CEM athchóirithe, tháinig roinnt deacrachtaí chun cinn maidir le maoiniú agus ábhar na bpleananna[22]. Ós rud é gur cuireadh moill roinnt míonna ar ghlacadh CEMI, ní raibh fís shoiléir ag roinnt eagraíochtaí táirgeoirí maidir leis an tacaíocht airgeadais a d'fhéadfaí coinne a bheith léi, rud a chuir moill ar na chéad phleananna táirgthe agus margaíochta nó a laghdaigh a leibhéal uaillmhéine.

Ba ghné éiginnteachta do riaracháin náisiúnta agus d'eagraíochtaí táirgeoirí é freisin cineál na mbeart in-imscartha a d'fhéadfaí a imscaradh agus go háirithe a n-incháilitheacht le haghaidh tacaíocht airgeadais phoiblí. Ní hamháin toisc gur rud úrnua a bhí san uirlis sin, ach toisc gur tugadh isteach léi loighic dhifriúil maidir le hincháilitheacht beart in-imscartha: braitheann a n-incháilitheacht ar a gceann scríbe agus ní ar a gcineál, mar sin d'fhéadfadh aon chaiteachas a bheith incháilithe chomh fada agus a chuidíonn sé le cuspóirí na n-eagraíochtaí táirgeoirí a bhaint amach. De bharr idirghníomhaíochtaí rialta le riaracháin náisiúnta, eagraíochtaí táirgeoirí agus ionadaithe earnála[23], bhíothas in ann an próiseas iomlán a fheabhsú de réir a chéile, próiseas a mheastar a bheith sásúil anois agus a bhfuil toradh air. Faoi Airteagal 66 de Rialachán CEMI[24], bhí tacaíocht airgeadais do phleananna táirgthe agus margaíochta éigeantach. Cé nár tugadh an oibleagáid sin anonn chuig Rialachán CEMID[25], chuir na Ballstáit uile lena mbaineann in iúl go raibh siad toilteanach leanúint de thacaíocht airgeadais a thabhairt do phleananna táirgthe agus margaíochta a gcuid eagraíochtaí táirgeoirí, nó an tacaíocht sin a neartú. Mar sin féin, ní mór a chur i bhfios go láidir go bhféadfadh an leibhéal tacaíochta a bheith an-éagsúil ó Bhallstát amháin go Ballstát eile, rud a chruthaíonn saincheisteanna cothroma iomaíochta le haghaidh eagraíochtaí táirgeoirí nach mór dóibh cloí

---

22 Rinne an Coimisiún measúnú eatramhach ar na deacrachtaí tosaigh a tháinig chun cinn.

23 D'eisigh an Chomhairle Chomhairleach um Margaí treoir le haghaidh eagraíochtaí táirgeoirí agus riaracháin náisiúnta maidir le hábhar agus cur chun feidhme na bpleananna táirgthe agus margaíochta.

24 Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2328/2003, (CE) Uimh. 861/2006, (CE) Uimh. 1198/2006 agus (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.5.2014, lch. 1).

25 Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 (IO L 247, 13.7.2021, lch. 1).

leis na rialacha céanna. Leanfaidh an Coimisiún dá chuid oibre maidir le feasacht a mhúscailt i ndáil leis an iliomad cúiseanna a bhfuil maoiniú cuí tábhachtach, chun éagothromaíochtaí a laghdú. Mar sin féin, tá difríochtaí i gcur chuige agus i gcóireálacha ina gcuid dhílis de chóras atá ceaptha chun freastal ar riachtanais shonracha agus ar cheanglais shonracha ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach.

Is léir freisin gur uirlisí éifeachtacha iad pleananna táirgthe agus margaíochta chun cuótaí a leithdháileadh agus a bhainistiú i measc chomhaltaí na n-eagraíochtaí táirgeoirí. Ní mór clár táirgthe, i measc nithe eile, a bheith i gceist le pleananna táirgthe agus margaíochta agus ní mór bearta a shonrú iontu a bheidh le déanamh ag an eagraíocht táirgeoirí chun gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe a chuid comhaltaí a áirithiú. Fágann sé sin go bhféadfaidh eagraíochtaí táirgeoirí cinneadh a dhéanamh maidir leis na cainníochtaí atá le leithdháileadh agus maidir leis an am is fearr le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta. Mar shampla, trí chainníochtaí áirithe chloicheán Bhá Bhaile Átha Cliath a choinneáil siar le haghaidh dheireadh na bliana, cabhraítear le cosc a chur ar ídiú na stoc ró-luath sa bhliain agus cuirtear ar chumas na gcomhaltaí lena mbaineann praghsanna níos airde a ghearradh le linn shéasúr dheireadh na bliana.

Is próiseas é ábhar na bpleananna táirgthe agus margaíochta agus faireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme a tharlaíonn idir na heagraíochtaí táirgeoirí agus a n-údaráis inniúla. Mar sin féin, tá cóineasú soiléir ann maidir le dea-stádas stoc (tá 80 % de na speicis a chumhdaítear le cuótaí á mbainistiú ag eagraíochtaí táirgeoirí), go háirithe sa Mhuir Thuaidh agus san Atlantach Thoir Thuaidh, agus maidir le feidhmíocht fhónta eacnamaíoch an chabhlaigh, ar a laghad go dtí na géarchéimeanna a bhuail an earnáil le déanaí (COVID-19 agus ionradh na Rúise ar an Úcráin). Léirítear leis sin gur córas an-éifeachtach é comhbhainistíocht na gcuótaí ag eagraíochtaí táirgeoirí chun comhacmhainn linne a bhainistiú. Ar an gcaoi chéanna, gach uair a bhuaileann suaitheadh seachtrach an earnáil, le pleananna táirgthe agus margaíochta, cuirtear ar chumas eagraíochtaí táirgeoirí gníomhaíochtaí agus straitéisí margaíochta a gcomhaltaí a oiriúnú go tapa d'fhorbairtí tobanna sa mhargadh, rud a chuireann go mór le hathléimneacht na hearnála.

2.1.6 Na margaí a chobhsú

In imthosca áirithe, mar thoradh ar na sé shásra idirghabhála margaidh a bhí ann go dtí 2013 rinneadh táirgí a scriosadh nó a tharraingt siar ó thomhaltas an duine. Dá bhrí sin, bhí siad neamh-inghlactha ó thaobh na polaitíochta de agus fo-optamach ó thaobh na heacnamaíochta de. Le CEM athbhreithnithe, laghdaíodh na sásraí idirghabhála margaidh sin go sásra stórála aonair, a bhí ar fáil ar feadh 5 bliana (2014-2018). Leis an sásra sealadach sin, cuireadh ar chumas eagraíochtaí táirgeoirí iad féin a chur in oiriúint do phleananna táirgthe agus margaíochta agus bogadh chucu de réir a chéile. Níor baineadh ach beagán úsáide as, rud a dheimhníonn go raibh eagraíochtaí táirgeoirí in ann iad féin a chur in oiriúint go tapa do na huirlisí margaidh nua.

Mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19, dúnadh formhór na n-asraonta le haghaidh FAPanna úra go tobann. Mar gheall air sin, b'iomchuí an deis a thabhairt ar ais go bhféadfaí dul i muinín an tsásra um chúnamh stórála agus é a leathnú chun eagraíochtaí táirgeoirí dobharshaothraithe a chumhdach[26] (forchoimeádadh é ar dtús d'eagraíochtaí táirgeoirí

[26] Rinneadh liosta na speiceas incháilithe a liostaítear sa Rialachán maidir le CEM a oiriúnú chun an t-athrú sin a chur san áireamh: cuirtear ceannteideal iomlán 0302 den ainmníocht chomhcheangailte (i.e. 'Éisc, iad úr

iascaigh). Bhí an sásra ar fáil arís an 1 Feabhra 2020 agus tháinig deireadh leis an 31 Nollaig 2020, an tráth céanna a tháinig deireadh leis na bearta géarchéime COVID-19 eile.

Cé go n-áirithíonn eagraíochtaí táirgeoirí pleanáil éifeachtach gníomhaíochtaí, i gcás speicis áirithe, bheadh sásra stórála fós ina uirlis ábhartha. Measadh i gcónaí, áfach, dá n-athbhunófaí an sásra sin ar bhonn buan, bheadh sé ina dhídhreasú maidir le dianphleanáil straitéiseach a choinneáil ar bun trí phleananna táirgthe agus margaíochta.

2.2 Caighdeáin mhargaíochta

Rannchuidiú le cuspóirí CBI a bhaint amach, agus caighdeáin mhargaíochta a shocrú agus a chomhlíonadh

Le Caibidil III den Rialachán maidir le CEM cumhdaítear comhchaighdeáin mhargaíochta le haghaidh FAPanna. Ní mór do FAPanna a chumhdaítear le creat na gcaighdeán margaíochta agus atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine na caighdeáin sin a chomhlíonadh.

Tugtar tuairisc ar chuspóirí na gcaighdeán in aithris 18 den Rialachán maidir le CEM. Go sonrach, le caighdeáin mhargaíochta, ba cheart a bheith in ann táirgí inbhuanaithe a sholáthar don mhargadh agus ba cheart cuidiú le hacmhainneacht iomlán an mhargaidh inmheánaigh sna FAPanna a bhaint amach. Thairis sin, le caighdeáin mhargaíochta, ba cheart gníomhaíochtaí margaíochta atá bunaithe ar an iomaíocht chóir a éascú agus ar an gcaoi sin cuideofar le brabúsacht an táirgthe a fheabhsú.

Glacadh na caighdeáin mhargaíochta a ionchorpraíodh i Rialachán maidir le CEM 2013 ar dtús sna 1980idí agus sna 1990idí[27]. Sonraítear iontu saintréithe comhchuibhithe maidir le tuinníní leasaithe/boiníotó leasaithe agus sairdíní leasaithe, agus creat grádaithe comhchuibhithe le haghaidh táirgí iascaigh úra agus fuaraithe, lena n-áirítear íoscheanglais úire agus méide. Tá feidhm ag na caighdeáin maidir le táirgí an Aontais agus táirgí allmhairithe araon.

In 2019, rinne an Coimisiún meastóireacht thiomnaithe ar chur chun feidhme na gcaighdeán[28] chun a mheas an raibh na caighdeáin a bhí ann cheana fós oiriúnach don fheidhm. Fuarthas amach sa mheastóireacht go bhfuil na caighdeáin mhargaíochta ábhartha agus éifeachtúil go ginearálta agus baineann breisluach leo laistigh de theorainneacha a raon feidhme reatha agus a mbunchritéar. Mar sin féin, sainaithníodh easnaimh sa chreat atá ann cheana maidir lena chumas cuspóirí an Rialacháin maidir le CEM a bhaint amach. Go sonrach, fuarthas amach nach bhfuil ach ról teoranta ag an gcreat maidir lena áirithiú go mbeidh na táirgí a mhargaítear san Aontas inbhuanaithe. Sainaithníodh sa mheastóireacht agus sna comhairliúcháin fholuiteacha freisin deiseanna chun na caighdeáin a shimpliú, a chuíchóiriú agus a nuachóiriú.

---

nó fuaraithe, gan filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 a áireamh') leis na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le CEM.

[27] Rialachán (CEE) Uimh. 2136/89 ón gComhairle an 21 Meitheamh 1989 lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le sairdíní leasaithe;Rialachán (CEE) Uimh. 1536/92 ón gComhairle an 9 Meitheamh 1992 lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le tuinníní agus boiníotó leasaithe;agus Rialachán (CE) Uimh. 2406/96 ón gComhairle an 26 Samhain 1996 lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le táirgí áirithe iascaigh.

[28] SWD(2019) 453 final an 20 Nollaig 2019, doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis an meastóireacht ar chreat na gcaighdeán margaíochta le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe.

Ar deireadh, léiríodh sa mheastóireacht leibhéal rialaithe measartha íseal ag údaráis náisiúnta chun comhlíonadh na gcaighdeán a áirithiú.

Bunaithe ar an meastóireacht agus ar an tsaincheist a sainaithníodh maidir le gan aghaidh a thabhairt ar an inbhuanaitheacht go leordhóthanach, sheol an Coimisiún athbhreithniú ar chreat na gcaighdeán margaíochta agus d'fhoilsigh sé measúnú ar thionchar tionscanta i mí Aibreáin 2020[29]. Mar gheall ar ghné na hinbhuanaitheachta, áiríodh an t-athbhreithniú ar na caighdeáin i bplean gníomhaíochta Straitéis an Choimisiúin 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'[30].

Reáchtáil an Coimisiún comhairliúchán poiblí ó mhí na Samhna 2020 go dtí mí Feabhra 2021 agus d'fhoilsigh sé na torthaí ar a shuíomh gréasáin[31]. Reáchtáladh comhairliúcháin spriocdhírithe leis na páirtithe leasmhara an tráth céanna. Deimhníodh sna comhairliúcháin na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag creat de chuid an Aontais le haghaidh faisnéis do thomhaltóirí maidir le hinbhuanaitheacht táirgí bia, lena n-áirítear táirgí iascaigh. Mar a fógraíodh sa straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', tá sé tábhachtach leanúint den obair ar thionscnamh an chórais bia inbhuanaithe a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún é a mholadh in 2023 le haghaidh cur chuige comhchuibhithe de chuid an Aontais i leith táirgeadh inbhuanaithe bia.

2.3 Faisnéis do thomhaltóirí

2.3.1 Rannchuidiú le cuspóirí CBI a bhaint amach

Ionas go mbainfidh CEM a chuspóirí amach go hiomlán, tá sé riachtanach go gcuirfear tomhaltóirí ar an eolas, trí fheachtais mhargaíochta agus oideachasúla, faoin luach a bhaineann le FAPanna a ithe, faoin éagsúlacht leathan speiceas atá ar fáil agus faoin tábhacht a bhaineann leis an eolas atá ar lipéid a thuiscint. Ina theannta sin, chun go mbeidh tomhaltóirí in ann roghanna eolasacha a dhéanamh, ba cheart dóibh faisnéis shoiléir chuimsitheach a fháil maidir leis na táirgí a dhíoltar ar mhargadh an Aontais. Ní mór dóibh sin na rialacha céanna a chomhlíonadh, gan beann ar a dtionscnamh.

Chuige sin, féachann Caibidil IV den Rialachán maidir le CEM ('Faisnéis do thomhaltóirí') le faisnéis a chur ar fáil do thomhaltóirí trí lipéadú bia mara mar phríomhghné chun roghanna ceannaigh níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le cuspóir inbhuanaitheachta CBI a bhaint amach. Thairis sin, is gníomhaithe tábhachtacha iad tomhaltóirí i rialachas na hinbhuanaitheachta toisc go ndéanann siad roghanna agus go bhfuil roghanna ceannaigh acu. Ionas go gcuirfear faisnéis do thomhaltóirí ar fáil maidir le gach FAP, ní mór faisnéis bhunriachtanach a chur ar fáil feadh an tslabhra soláthair. Ní féidir é sin a bhaint amach ach amháin trí chóras inrianaitheachta cuí le haghaidh gach FAP. Chuige sin, i mí na Bealtaine 2018, mhol an Coimisiún[32] go neartófaí na rialacha inrianaitheachta a bhí i

---

29 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12262-Review-of-the-marketing-standards-framework-for-fishery-and-aquaculture-products

30 *An Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'* (europa.eu).

31 Táirgí éisc agus bia mara – athbhreithniú ar chaighdeáin mhargaíochta.

32 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le rialú ar iascach (COM(2018) 368 final).

bhfeidhm ó 2009 i leith (a leagadh síos i Rialachán an Aontais maidir le Rialú ar Iascach[33]), chun gach FAP a chumhdach. Tá inrianaitheacht agus trédhearcacht ghaolmhar riachtanach chun comhlíonadh rialacha infheidhme CBI a áirithiú. Le tacaíocht ó chóras lipéadaithe cuí, is féidir a ráthú leo go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil do thomhaltóirí iontaofa. Tá siad fíor-riachtanach freisin sa chomhrac i gcoinne na calaoise bia, lena n-áirítear mílipéadú.

Leagtar amach sa Rialachán maidir le CEM rialacha maidir leis an bhfaisnéis éigeantach agus dheonach atá le cur ar fáil le haghaidh FAPanna réamhphacáilte agus neamh-réamhphacáilte dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) agus (e) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis. Tugtar isteach leis faisnéis éigeantach nua agus níos mionsonraithe, mar shampla an oibleagáid tuairisciú a dhéanamh ar an trealamh iascaireachta agus ar an limistéar gabhála/feirmeoireachta mionsonraithe, nó ar rannpháirtíocht fhollasach oll-lónadóirí sa lipéadú. Foráiltear leis an Rialachán maidir le CEM nach mór d'oll-lónadóirí tairbhe a bhaint as an méid céanna faisnéise agus atá ag tomhaltóirí deiridh. Dá bhrí sin, tá oll-lónadóirí in ann roghanna níos inbhuanaithe a dhéanamh agus rannchuidiú le daoine a chur ar an eolas faoi thomhaltas bia mara lasmuigh den bhaile ar bhealach níos fearr.

In 2016, sheol an Coimisiún córas faisnéise[34] chun éascú a dhéanamh ar rochtain ar shonrúcháin tráchtála speiceas i ngach Ballstát agus chun comparáid eatarthu a éascú, trí na sonrúcháin tráchtála uile a aithnítear i ngach Ballstát, agus faisnéis úsáideach eile, amhail ainmneacha eolaíocha, modhanna táirgthe agus limistéir ghabhála, a bhailiú. Chun tuiscint agus cur chun feidhme na rialacha maidir le faisnéis do thomhaltóirí a éascú, d'fhoilsigh an Coimisiún treoirleabhar póca[35] le haghaidh páirtithe leasmhara in 2014, agus liosta nuashonraithe de cheisteanna agus freagraí in 2019[36].

Ar an iomlán, an Rialachán maidir le CEM maidir le lipéadú bia mara, tá spriocanna tábhachtacha bainte amach aige i dtaca le feasacht tomhaltóirí a fheabhsú. Mar sin féin, tá roinnt réimsí ina bhfuil easaontas go fóill, go príomha an raon feidhme (táirgí próiseáilte, caibheár, inveirteabraigh ullmhaithe), an fhaisnéis maidir le tionscnamh/cruthú, an fhaisnéis atá ábhartha maidir le hinbhuanaitheacht an táirge, agus an fhaisnéis dheonach.

2.3.2 Faisnéis éigeantach

Sonraítear in Airteagal 35 den Rialachán maidir le CEM nach mór do mharcanna nó lipéid ar FAPanna dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) agus (e) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis a mhargaítear laistigh den Aontas an méid seo a leanas a léiriú:

- ainmníocht tráchtála an speicis agus an t-ainm eolaíoch atá air;
- an modh táirgthe;
- an limistéar inar gabhadh an táirge nó inar saothraíodh é, agus an chatagóir trealaimh iascaireachta a d'úsáid iascaigh chun na táirgí a ghabháil;
- cibé ar dí-reodh an táirge; agus

---

33 Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú.

34 *Sonrúcháin tráchtála táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe* (europa.eu).

35 *Treoirleabhar póca maidir le lipéid nua an Aontais do thomhaltóirí éisc agus dobharshaothraithe*.

36 *Faisnéis do thomhaltóirí maidir le FAPanna*, 2019.

- an dáta íosmharthanachta[37], i gcás inarb iomchuí.

Mar a léirítear i suirbhé Eorabharaiméadair Speisialta maidir le nósanna thomhaltóirí an Aontais i ndáil le FAPanna in 2021, is í an fhaisnéis éigeantach a mheasann tomhaltóirí a bheith ar an bhfaisnéis is luachmhaire an 'dáta éagtha' nó an 'dáta ar fearr roimhe' (69 %); ainm an táirge agus an speicis (57 %); agus cibé an táirge fiáin é nó an táirge saothraithe é (54 %). Níor shainaithin ach 24 % an trealamh iascaireachta a úsáideadh mar fhaisnéis ba cheart a lua.

Léiríodh sa chomhairliúchán spriocdhírithe maidir le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le CEM[38] go moltar go hard ceanglais éigeantacha le haghaidh faisnéis do thomhaltóirí mar bheart den scoth a théann chun tairbhe do pháirtithe leasmhara agus do thomhaltóirí an Aontais.

Mar sin féin, tá roinnt pointí le breithniú. Ar an gcéad dul síos, d'iarr go leor páirtithe leasmhara FAPanna próiseáilte (is é sin níos mó ná 22 % de thomhaltas an Aontais) a chur faoi raon feidhme Airteagal 35 den Rialachán maidir le CEM. Dar leo, níl aon bhonn cirt le táirgí próiseáilte a dhíolmhú ó cheanglais faisnéise atá tábhachtach do thomhaltóirí agus a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le hinbhuanaitheacht táirgí a mheas. Ina theannta sin, dar le go leor páirtithe leasmhara, bíonn tionchar diúltach ag roinnt neamhréireachtaí (e.g. táirgí arna sainaithint le cód AC[39] agus ní de thoradh an chlaochlaithe a rinneadh orthu: caibheár, inveirteabraigh) ar bhaint amach na gcuspóirí inrianaitheachta agus inbhuanaitheachta. Ar an dara dul síos, thuairiscigh formhór na bhfreagróirí ar an gcomhairliúchán go raibh easpa cur chun feidhme maidir le ceanglais éigeantacha le haghaidh faisnéis do thomhaltóirí. Meastar go bhfuil an cur chun feidhme ar fud an Aontais míchothrom agus tá sé sin suntasach go háirithe i gcodanna áirithe amhail ceannaithe éisc agus oll-lónadóirí. Chuir roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha agus iascairí i bhfios go láidir nach leor na seiceálacha náisiúnta chun forfheidhmiú cuí a áirithiú. Ar deireadh, chuir saineolaithe atá ag obair ar an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) in iúl gur cheart faisnéis do thomhaltóirí faoin Rialachán maidir le CEM a neartú chun gur féidir measúnú láidir a dhéanamh ar inbhuanaitheacht táirgí. Baineann sé sin go háirithe le faisnéis níos mionsonraithe faoin limistéar gabhála agus faoin trealamh iascaireachta le haghaidh táirgí iascaigh toisc gur cosúil nach leor na catagóirí atá ann faoi láthair, agus faoin gcóras táirgthe le haghaidh táirgí dobharshaothraithe[40].

Chun críocha Airteagal 37 den Rialachán maidir le CEM, le córas faisnéise an Choimisiúin maidir le sonrúcháin tráchtála[41], soláthraítear rochtain gréasánbhunaithe agus freagrúil, i ngach ceann de 24 theanga oifigiúla an Aontais, ar fhaisnéis inchuardaithe faoi FAPanna, bunaithe go príomha ar an ngaol idir sonrúcháin tráchtála agus ainmneacha eolaíocha mar a

---

37 Comhfhreagraíonn an dáta íosmharthanachta don 'dáta ar fearr roimhe' nó don dáta 'b'fhearr roimh dheireadh' dá dtagraítear in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí.

38 Féach Iarscríbhinn 2.

39 Ainmníocht Chomhcheangailte.

40 Tuarascáil STECF maidir le critéir agus táscairí chun gnéithe inbhuanaitheachta a ionchorprú le haghaidh táirgí bia mara (STECF-20-05).

41 *Sonrúcháin tráchtála táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe* (europa.eu).

shonraigh na Ballstáit ina liostaí náisiúnta. Tá an tseirbhís sin fós gníomhach agus déantar í a nuashonrú go tréimhsiúil.

Le sonrú limistéar na gabhála nó an táirgthe i gcomhréir le hAirteagal 38 den Rialachán maidir le CEM, spreagtar díospóireacht, go háirithe nuair a fhorlíontar é le faisnéis dheonach bhreise maidir leis an tionscnamh. In 2019, d'ordaigh an Coimisiún staidéar iompraíochta[42] chun tuiscint níos fearr a fháil ar a mhéid a chomhlíonann maímh maidir le tionscnamh ar FAPanna riachtanais tomhaltóirí. Sainaithníodh sa staidéar roinnt easnamh (easpa comhsheasmhachta, faisnéis neamhábhartha nó faisnéis dhoiléir, etc.) a fhágann go mbíonn maímh dheonacha maidir le tionscnamh sách mearbhlach.

2.3.3 Tuairisciú ar éicilipéadú

Le hAirteagal 36 den Rialachán maidir le CEM, ceanglaíodh ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le roghanna i ndáil le scéim éicilipéid uile-Aontais le haghaidh FAPanna. Ghlac an Coimisiún an tuarascáil i mí na Bealtaine 2016.

Leagadh béim sa tuarascáil ar roinnt saincheisteanna a bhaineann le héicilipéid. Ar an gcéad dul síos, ionas go mbeidh éicilipéad inchreidte, ní mór próiseas deimhniúcháin láidir a bheith ann. Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh sé go mbeadh mearbhall ar thomhaltóirí mar thoradh ar iomadú éicilipéad a mheastar a bheith ann agus ar úsáid chomhthreomhar uirlisí cumarsáide eile. Ar deireadh, d'fhéadfadh na costais a bhaineann le deimhniúchán a bheith suntasach do tháirgeoirí agus d'fhéadfadh díolachán táirgí a bhfuil éicilipéad orthu margaí nua a chruthú do tháirgí.

Ar an mbonn sin, leagtar amach sa tuarascáil ón gCoimisiún dhá rogha maidir le gníomhaíocht beartais a d'fhéadfadh a bheith ann:

- scéim éicilipéid neamhspleách uile-Aontais a bhunú le haghaidh FAPanna; nó
- íoscheanglais a leagan síos le haghaidh éicilipéid phríobháideacha i dtéarmaí critéar inbhuanaitheachta agus an bhunphróisis deimhniúcháin.

I bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle, bhí tuairimí difriúla ann maidir leis an tuarascáil, agus go sonrach maidir leis an mbealach chun cinn is fearr. Dá bhrí sin, dhiúltaigh na comhreachtóirí don dá rogha beartais i ndeireadh na dála. Idir an dá linn, tugadh aghaidh ar bhonn níos leithne ar an dara rogha sa togra ón gCoimisiún maidir le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas[43].

---

[42] *Staidéar Iompraíochta ar mhaímh maidir le tionscnamh i ndáil le táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe*.

[43] Togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2005/29/CE agus 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr (COM(2022) 143 final).

2.3.4 Faisnéis bhreise dheonach

Sonraítear in Airteagal 39 den Rialachán maidir le CEM go bhféadfar an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar ar bhonn deonach, ar bhealach soiléir infhíoraithe gan débhrí:

- dáta na gabhála/na buainte;
- an dáta a tugadh an ghabháil i dtír nó faisnéis maidir leis an gcalafort inar tugadh an ghabháil i dtír;
- tuilleadh sonraí maidir leis an trealamh iascaireachta;
- stát brataí an tsoithigh;
- faisnéis maidir leis an gcomhshaol;
- faisnéis eiticiúil/shóisialta;
- teicnící agus cleachtais táirgthe; agus
- cion cothaitheach (i gcás bia neamhphróiseáilte nach bhfuil ach comhábhar amháin ann, agus sa chás sin amháin[44]).

Tá an liosta sin ar oscailt agus ní thoirmisctear leis féidearthachtaí eile go sainráite.

Léirítear i suirbhé Eorabharaiméadair Speisialta maidir le nósanna thomhaltóirí an Aontais i ndáil le FAPanna[45] go bhfuil spéis na dtomhaltóirí i bhfaisnéis dheonach dírithe ar dháta na gabhála nó an táirgthe (76 % de na freagróirí), i bhfad chun tosaigh ar aon fhaisnéis eile amhail faisnéis faoin gcomhshaol (44 %), faisnéis faoi thír na loinge, faoi iascairí nó faoi fheirmeoirí (33 % an ceann), nó faoin gcalafort ina dtugtar gabhálacha i dtír nó faisnéis eiticiúil (26 % an ceann).

Mar sin féin, measann an earnáil go bhféadfadh níos mó dátaí (an dáta gabhála, an dáta a tugadh an ghabháil i dtír) a bheith an-mhearbhlach do thomhaltóirí. Ina theannta sin, ráthaítear cáilíocht FAPanna le critéir úire, critéir nach meastar a bheith tábhachtach i gcás táirgí próiseáilte. Maidir leis an gcalafort ina ndéantar an tabhairt i dtír nó stát brataí na soithí a chur in iúl, tá imní ann go mbeadh mhíthuiscint ann i ndáil leis an bhfaisnéis maidir le tionscnamh.

Sa togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir a mhéid a bhaineann le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr[46], moladh ceanglais nua maidir le maímh chomhshaoil a sholáthar go deonach.

2.4 Rialacha iomaíochta

Rannchuidiú le cuspóirí CBI a bhaint amach agus eisiaimh ó rialacha iomaíochta

De réir Airteagal 41 den Rialachán maidir le CEM, féadfar eagraíochtaí táirgeoirí a eisiamh ó chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta mar a shonraítear in Airteagal 101(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) d'fhonn a gcuspóirí a bhaint amach, ar choinníoll

---

[44] Tá an dearbhú cothúcháin éigeantach do gach catagóir eile seachas bia neamhphróiseáilte nach bhfuil ach comhábhar amháin ann ó mhí na Nollag 2016 i leith, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011.

[45] *Nósanna Thomhaltóirí an Aontais maidir le Táirgí Iascaigh agus Dobharshaothraithe, 2021*.

[46] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2005/29/CE agus 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le tomhaltóirí a chumhachtú le haghaidh an aistrithe chuig an ngeilleagar glas trí chosaint níos fearr ar chleachtais éagóracha agus trí fhaisnéis níos fearr (COM(2022) 143 final)

gur gá na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 39 CFAE a bhaint amach agus nach dtugtar le tuiscint leis go bhfuil aon oibleagáid ann praghsanna comhionanna a ghearradh, nach n-eascróidh deighilt margaí i bhfoirm ar bith laistigh den Aontas as, nach n-eisiafar iomaíocht agus nach ndíchuirfear iomaíocht i ndáil le cion substaintiúil de na táirgí atá i gceist. Is uirlis riachtanach é an t-eisiamh sin chun roinnt cleachtas a cheadú maidir le pleananna táirgthe agus margaíochta a chur chun feidhme, amhail rialú a dhéanamh ar na cainníochtaí a chuireann comhaltaí ar an margadh chun na margaí agus praghsanna a chobhsú, oibleagáidí caomhnaithe a chomhlíonadh agus cur amú bia a sheachaint.

Maidir leis an eisiamh sin ó rialacha iomaíochta a chur chun feidhme, ní féidir ach le heintitis atá i dteideal é sin a dhéanamh faoin Rialachán maidir le CEM agus atá aitheanta ag na Ballstáit faoi Airteagal 6 den Rialachán sin déanamh amhlaidh. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh comhchomhlachtaí táirgeoirí nach n-aithnítear (e.g. comharchumainn, *cofradías*) tairbhe a bhaint as. Leis na seiceálacha a rinne an Coimisiún ar chomhlíonadh na n-eagraíochtaí táirgeoirí, léiríodh go raibh gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh, próiseáil agus margaíocht gabhálacha iascairí á mbainistiú uaireanta ag comhlachtaí neamh-aitheanta nó trí na comhlachtaí sin. Sna cásanna sin, iarradh ar údaráis inniúla na mBallstát na bearta is gá a dhéanamh.

Ní ghlacann roinnt eagraíochtaí leis an teorannú sin agus iarrann siad go ndéanfaí an Rialachán maidir le CEM a leasú chun go ndéanfaí iadsan incháilithe freisin d'eisiamh ó rialacha iomaíochta agus do rochtain ar chistiú. Mar sin féin, comhlíonann eagraíochtaí táirgeoirí cúraimí a shainítear go soiléir agus atá ríthábhachtach i gcur chun feidhme CBI. Chun na críche sin, ní mór dóibh creat dlíthiúil comhchoiteann dian a chomhlíonadh faoi mhaoirseacht a n-údarás náisiúnta.

2.5 Faisnéis mhargaidh

Chun cuidiú le trédhearcacht agus éifeachtúlacht an mhargaidh a mhéadú, foráiltear sa Rialachán maidir le CEM nach mór don Choimisiún faisnéis eacnamaíoch faoi mhargaí an Aontais i ndáil le FAPanna a bhailiú agus a phróiseáil agus í a scaipeadh ar pháirtithe leasmhara agus ar an bpobal i gcoitinne (Airteagal 42 den Rialachán maidir le CEM).

Chuige sin, tá Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe (EUMOFA[47]) curtha ar bun ag an gCoimisiún. Forbraíodh EUMOFA ó 2010 i leith i bhfoirm réamhbheart. Tá suíomh gréasáin agus bunachar sonraí tiomnaithe ar líne ó mhí Aibreáin 2013 i leith agus tá siad ag feidhmiú go hiomlán ó tháinig CEM athbhreithnithe i bhfeidhm.

Le EUMOFA, cuirtear faisnéis mhargaidh ar fáil d'oibreoirí na hearnála iascaigh, sa chiall is leithne, chun tuiscint níos fearr a fháil ar threochtaí sa mhargadh. Tá sé d'aidhm ag EUMOFA freisin tacú le próisis déanta beartas poiblí agus lena gcur chun feidhme ag údaráis phoiblí agus ag páirtithe leasmhara. Thairis sin, tá sé d'aidhm aige dul chun tairbhe do chomhlachtaí taighde, do pháirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne trí rochtain ar fhaisnéis mhargaidh agus ar shonraí margaidh a mhéadú.

Tá an fhaireachlann sin thar a bheith ábhartha toisc nach ann do rogha mhalartach ar leibhéal an Aontais chun faisnéis a chur ar fáil maidir le margadh casta dinimiciúil arb é is

[47] www.euomfa.eu

príomhthréith ann spleáchas mór ar allmhairí ó thíortha nach tíortha den Aontas iad (is é 38.9 % an ráta neamhthuilleamaíochta agus gan ach 11 % i gcás na gcúig speiceas is mó a ídítear[48]) agus trádáil shuntasach laistigh den Aontas (tá sreafaí trádála laistigh den Aontas níos mó ná allmhairí ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad). Beagnach 13 mhilliún tona i gcoibhéis bheomheáchain atá sa soláthar FAPanna lena gcaitheamh ag an duine de chuid an Aontais, lena n-áirítear táirgeadh intíre agus allmhairí araon. Caitheann daoine san Aontas thart ar 23 kg de FAPanna in aghaidh an duine in aghaidh na bliana[49].

Is féidir EUMOFA a mheas mar fhaireachlann tagartha le haghaidh tráchtearraí bia. Chomh maith leis sin, is é an bunachar sonraí is cuimsithí é maidir le sreafaí trádála idirnáisiúnta FAPanna. Leis an ardán gréasánbhunaithe, cuirtear sonraí eacnamaíocha laethúla ar fáil maidir le gach céim den slabhra luacha. Is ionad saineolais í an fhaireachlann freisin a dhéanann anailísí margaidh agus a eisíonn foilseacháin maidir le sraith ábhar a bhfuil spéis ag lucht tionscail agus ag páirtithe leasmhara institiúideacha iontu. Foilsíonn sí ábhar anailíseach freisin chun tacú le ceapadh beartas. Bhí ról lárnach aige maidir le páirtithe leasmhara sa mhargadh a chur ar an eolas le linn na ngéarchéimeanna a tharla le déanaí (COVID-19 agus ionradh na Rúise ar an Úcráin) trí infheictheacht agus soiléiriú maidir le forbairtí sa mhargadh a sholáthar.

Le bliain anuas, tugadh thart ar 3,000 cuairt mhíosúil[50] ar shuíomh gréasáin EUMOFA ó níos mó ná 140 tír. Tá méadú ag teacht ar líon na bhfoilseachán ina luaitear EUMOFA agus tá na foilseacháin sin ag éirí níos éagsúla (e.g. tuarascálacha poiblí, foilseacháin eolaíocha agus acadúla, preas speisialaithe). Léirítear le scaipeadh leathan shaineolas EUMOFA go bhfuil an fhaireachlann iontaofa agus go n-aithnítear go forleathan í.

Chun a oibleagáid faisnéis mhargaidh a chur ar fáil a chomhlíonadh, rinne an Coimisiún suirbhéanna rialta Eorabharaiméadair ar nósanna thomhaltóirí an Aontais maidir le FAPanna (in 2017, 2019 agus 2021)[51].

3 CONCLÚIDÍ

Leis an gcomhbheartas margaidh le haghaidh FAPanna, mar a leagtar síos sa Rialachán maidir le CEM, cuidítear go héifeachtach le cuspóirí CBI a bhaint amach, go háirithe maidir le hiomaíochas, cobhsaíocht an mhargaidh, trédhearcacht agus soláthar éagsúil bia mara a áirithiú do thomhaltóirí.

Bhí ról lárnach ag eagraíochtaí gairmiúla – go háirithe eagraíochtaí táirgeoirí, a measadh a bheith ina bpríomhghníomhaithe maidir le cuspóirí CEM a chur chun feidhme ón tús – ó thaobh feabhas a chur ar dhálaí margaidh do sholáthairtí bia mara, agus ar an gcaoi sin ioncam táirgeoirí a mhéadú. Maidir le heagraíochtaí táirgeoirí a chumhachtú faoi CEM, rinne an Coimisiún an chéad bhabhta cuimsitheach seiceálacha ar na coinníollacha le haghaidh aitheantais chun comhlíonadh agus acmhainní oibríochtúla eagraíochtaí táirgeoirí a áirithiú. Déanfar na seiceálacha sin an athuair.

---

48 Tuinnín, bradán, trosc, mangach Alascach agus séaclaí.

49 Foinse: EUMOFA, *Margadh éisc an Aontais Eorpaigh*, 2022.

50 Cuairteoirí uathúla.

51 Suirbhéanna Eorabharaiméadair ar nósanna thomhaltóirí an Aontais maidir le táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe.

Bhí cúpla bliain ag teastáil ó eagraíochtaí táirgeoirí agus ó riaracháin náisiúnta chun dul in oiriúint d'oibriú faoi na pleananna táirgthe agus margaíochta mar gheall ar a gcineál nuálach agus éigeantach. Meastar go ginearálta go bhfuil an córas ag feidhmiú go hiomlán agus go bhfuil sé an-ábhartha chun cuspóirí CEM a bhaint amach, chun CBI a chur chun feidhme ar an láthair agus chun deiseanna margaidh a thapú. Mar sin féin, tá deacrachtaí fós ann, go háirithe maidir le cóireáil dhifreálach ag riaracháin náisiúnta, bíodh sin i dtéarmaí maoinithe, tacaíochta riaracháin nó incháilitheachta beart. D'fhéadfadh na gnéithe sin a bheith ina mbacainn ar eagraíochtaí táirgeoirí a gcuid misean a chur i gcrích go hiomlán agus d'fhéadfadh go gceanglófaí leo cúnamh leanúnach ón gCoimisiún. Meastar freisin gur gné atá le feabhsú í an tacaíocht chun eagraíochtaí gairmiúla trasnáisiúnta a bhunú agus a mhaoiniú, rud atá curtha i gcrích ag an gCoimisiún cheana trí threoir a chur ar fáil do na Ballstáit agus d'eagraíochtaí táirgeoirí.

Bhí ról dearfach ag CEM maidir le hiomaíochas a mhéadú trí chomhchreat reachtach a sholáthar a rialaítear ag na caighdeáin mhargaíochta chéanna. Mar sin féin, leis na caighdeáin sin, ní chuirtear táirgí inbhuanaithe chun cinn go leordhóthanach. Mar a fógraíodh sa straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', tá sé tábhachtach leanúint den obair ar thionscnamh an chórais bia inbhuanaithe a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún é a mholadh in 2023 le haghaidh cur chuige comhchuibhithe de chuid an Aontais i leith táirgeadh inbhuanaithe bia.

Meastar go ginearálta go mbíonn forálacha maidir le faisnéis do thomhaltóirí oiriúnach don fheidhm, fiú má bhíonn roinnt airde ag teastáil i gcónaí maidir le heasnaimh áirithe, amhail difríochtaí i gcumhdach agus i gcomhlíonadh i gcás asraonta áirithe. Beidh an lipéadú fós ina phointe spairne sa slabhra soláthair toisc go bhfuil tuairimí agus tosaíochtaí éagsúla ann. Mar sin féin, bheadh gá le faisnéis níos sonraí chun an tomhaltóir a chumhachtú chun tuiscint chothrom a fháil ar inbhuanaitheacht táirgí.

Dealraíonn sé go bhfuil gá leis an bhféidearthacht atá ag eagraíochtaí táirgeoirí maolú ar rialacha iomaíochta faoi choinníollacha an Rialacháin maidir le CEM chun brabúsacht a chomhcheangal leis an oibleagáid atá ar eagraíochtaí táirgeoirí cuspóirí caomhnaithe agus bainistithe stoic a bhaint amach. Is uirlis riachtanach é cumas na n-eagraíochtaí táirgeoirí na cainníochtaí a chuireann a gcomhaltaí ar an margadh a chlársceidealú chun praghsanna a choinneáil ar bun ar leibhéil iomchuí agus chun cur amú bia a sheachaint.

Trí fhaireachlann margaidh Eorpaigh a bhunú, leag an Coimisiún síos caighdeáin maidir le faisnéis mhargaidh. Bhí go leor feidhmeanna ag na seirbhísí a chuir EUMOFA ar fáil do pháirtithe leasmhara. Ba mhór an meas a bhí orthu le linn géarchéime, nuair a chabhraigh an fhaireachlann go sonrach le ceapadh beartas agus straitéisí tionscail a threorú.

Le cur chun feidhme fhorálacha CEM, léiríodh nach mór muinín agus tuiscint a bheith ann idir na húdaráis, an earnáil agus an tsochaí shibhialta. Cuireadh malartuithe rialta ar bun, go háirithe leis an gComhairle Chomhairleach um Margaí[52], chun tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar a bhíonn ag imeachtaí áirithe ar an margadh agus ar riachtanais na hearnála. Ba cheart leanúint den idirphlé sin agus é a neartú chun cur chun feidhme CEM a éascú.

[52] Tá cur síos ar róil agus ar éachtaí na gComhairlí Comhairleacha sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an *Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle - An comhbheartas iascaigh sa lá atá inniu agus amach anseo: Comhshocrú Iascaigh agus Aigéan i dtreo bainistiú iascaigh atá inbhuanaithe, eolaíochtbhunaithe, nuálach agus cuimsitheach* (SWD(2023)103, roinn 3.12).

Mar fhocal scoir, is féidir a mheas, ar an iomlán, gur éirigh leis an Rialachán maidir le CEM agus leis an gcaoi ar cuireadh chun feidhme é ó rinneadh an t-athchóiriú. D'aistrigh CEM ó bheith ina bheartas margaidh idirghabháilbhunaithe a fuarthas ón gcomhbheartas talmhaíochta go beartas dinimiciúil margadh-dhírithe atá á thiomáint ag páirtithe leasmhara cumhachtaithe sa mhargadh. Bhí an t-aistriú sin ábhartha chun inbhuanaitheacht agus brabúsacht fhadtéarmach na hearnála a áirithiú mar chuid de chur chun feidhme dian CBI. Tá réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu sainaitheanta go maith agus tabharfaidh an Coimisiún aghaidh orthu trí chomhoibriú go dlúth le páirtithe leasmhara agus le riaracháin náisiúnta chun tionchar na n-uirlisí margaidh atá ann cheana a uasmhéadú, chun comhlíonadh a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh.

IARSCRÍBHINNÍ

Iarscríbhinn 1 – Bunúis dlí

Leis an athchóiriú ar chomheagrú na margaí (CEM), tugadh le fios go ndearnadh an creat dlíthiúil a shimpliú go hollmhór.

Go dtí deireadh 2013, bhí CEM á rialú ag na nithe seo a leanas:

- Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle;
- níos mó ná 20 rialachán cur chun feidhme ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe; agus
- rialacháin éagsúla ón gComhairle.

I mí Eanáir 2014, tháinig an Rialachán nua maidir le CEM i bhfeidhm. Rinneadh 19 Rialachán ón gCoimisiún a aisghairm[53] agus faoi láthair tá CEM á rialú ag na gníomhartha seo a leanas:

- Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe (an 'Rialachán maidir le CEM');
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1418/2013 ón gCoimisiún maidir le pleananna táirgthe agus margaíochta;
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1419/2013 ón gCoimisiún maidir le haitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus d'eagraíochtaí idirchraoibhe;
- Moladh 2014/117/AE ón gCoimisiún maidir leis na Pleananna Táirgthe agus Margaíochta a bhunú agus a chur chun feidhme; agus
- trí rialachán ón gComhairle maidir le caighdeáin mhargaíochta (agus rialachán cur chun feidhme amháin ón gCoimisiún) a bhí fós i bhfeidhm:
    - Rialachán (CE) Uimh. 2406/96 ón gComhairle lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le táirgí áirithe iascaigh;
    - Rialachán (CEE) Uimh. 3703/85 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir leis na comhchaighdeáin mhargaíochta a chur i bhfeidhm maidir le héisc áirithe atá úr nó fuaraithe;
    - Rialachán (CEE) Uimh. 1536/92 ón gComhairle lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le tuinníní agus boiníotó leasaithe; agus
    - Rialachán (CEE) Uimh. 2136/89 ón gComhairle lena leagtar síos comhchaighdeáin mhargaíochta maidir le sairdíní leasaithe agus maidir le tuairiscí trádála le haghaidh sairdíní leasaithe agus táirgí de chineál sairdíní.

Rinneadh an Rialachán maidir le CEM a leasú trí huaire; le déanaí chun bearta géarchéime a thabhairt isteach chun freagairt do ghéarchéim COVID-19:

- Rialachán (AE) Uimh. 1385/2013 ón gComhairle an 17 Nollaig 2013;

[53] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1420/2013 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2013.

- Rialachán (AE) 2015/812 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015; agus
- Rialachán (AE) 2020/560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2020.

Iarscríbhinn 2 – Comhairliúchán poiblí

Sheol an Coimisiún Eorpach comhairliúchán spriocdhírithe[54] an 17 Nollaig 2021 (spriocdháta an 14 Márta 2022) chun taithí agus barúlacha páirtithe leasmhara san earnáil a bhailiú[55] maidir le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le CEM.

- Fuair an Coimisiún tuairim is 125 fhreagra ar cheistneoir CEM.
- Na huirlisí margaidh a cuireadh ar fáil leis an Rialachán maidir le CEM, measadh go ginearálta go raibh siad ábhartha, agus léiríodh go raibh siad dearfach ó thaobh a gcumas rannchuidiú le cuspóirí CBI a bhaint amach.
- Go sonrach, is éacht mór de chuid an bheartais athchóirithe margaidh é an príomhról atá ag eagraíochtaí táirgeoirí chun gníomhaíochtaí táirgeoirí a bhainistiú i dteannta a chéile. Is uirlisí solúbtha éifeachtacha iad pleananna táirgthe agus margaidh na n-eagraíochtaí táirgeoirí chun cuspóirí margaidh CEM a bhaint amach. Chuir na páirtithe leasmhara in iúl go láidir go bhféadfadh sé a bheith níos fearr fós, mar shampla maidir leis an tacaíocht airgeadais a thugtar do na pleananna sin, rud a d'fhéadfadh a bheith an-éagsúil ó thír go tír, agus maidir le sásraí nach bhfuil go hiomlán oiriúnach d'eagraíochtaí trasnáisiúnta.
- Meastar go ginearálta go bhfuil faisnéis do thomhaltóirí, go háirithe lipéadú, oiriúnach don fheidhm, ach i gcásanna áirithe, le raidhse éicilipéad agus faisnéis róshonrach, cuirtear teorainneacha áirithe ar inléiteacht na maíomh.
- Moltar go ginearálta an méid a chuireann faireachlann an mhargaidh (EUMOFA) le trédhearcacht a mhéadú agus le feabhas a chur ar an tuiscint ar fhorbairtí sa mhargadh.

An 10 Meitheamh 2022, dhún an Coimisiún an próiseas comhairliúcháin sin le himeacht le haghaidh páirtithe leasmhara maidir le feidhmiú an chomhbheartais iascaigh (CBI) agus comheagrú na margaí sa Bhruiséil (bhíothas in ann a bheith rannpháirteach ó chian).

Rinneadh plé agus idirghníomhaíochtaí idir páirtithe leasmhara in dhá sheisiún iomlánach théamacha le cur i láthair gairid agus painéil d'ionadaithe páirtithe leasmhara. Cumhdaíodh sna seisiúin théamacha cuspóirí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil CBI ar thaobh amháin, agus nuálaíocht, athléimneacht agus rialachas san iascach ar an taobh eile.

Bhí torthaí an phróisis comhairliúcháin sin ina gcuid ríthábhachtach den tuarascáil maidir le feidhmiú CEM.

54 https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/TargetedConsultation2022ReportCMO

55 Iarradh ar gach páirtí leasmhar san earnáil an ceistneoir a fhreagairt agus páirt a ghlacadh san imeacht le haghaidh páirtithe leasmhara: earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus comhpháirtithe acadúla, eolaíocha, sóisialta agus eacnamaíocha.